IONSTRAIMÍ REACHTÚLA

I.R. Uimh. 25 de 2006

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú, Lipéadú agus Substaintí Contúirteacha a Fhógairt) (Leasú) 2006

ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH
Le ceannach Díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
Nó tríd ordú poist ó
FHOILSEACHAIN RIALTAIS, AN RANNÁN POST-TRÁCHTA,
51 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
(Teil: (01) -6476834/37; Facs: 01 6476843)
nó tríd aon díoltóir leabhair.
BAILE ÁTHA CLIATH

(PRN: A6/0057)

Luach €1.27

I.R. Uimh. 25 de 2006

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú, Lipéadú agus Substaintí Contúirteacha a Fhógairt) (Leasú) 2006

I bhfeidhm na gcumhacht a bheirtear dom le halt 3 d'Acht na gComhphobal Eorpach 1972 (Uimh. 27 de 1972), agus chun críche éifeacht a thabhairt do Threoir 2004/73/CE ón gCoimisiún ordaímse, Micheál Ó Máirtín T.D., An tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, na rialacháin seo a leanas:

1. (1) Féadfar rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú, Lipéadú, agus Substaintí Contúirteacha a Fhógairt) (Leasú) 2006 a ghairm de na rialacháin seo.

(2) Déanfar na Rialacháin seo agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú, Lipéadú agus Substaintí Contúirteacha a Fhógairt) 2003 (I.R.Uimh.116 de 2003) a fhorléiriú mar aon ní amháin agus féadfar iad a ghairm de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú, Lipéadú agus Substaintí Contúirteacha a Fhógairt) 2003 agus 2006.

(3) Sna Rialacháin seo, ciallaíonn "Príomhrialacháin", Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú, Lipéadú agus Substaintí Contúirteacha a Fhógairt) 2003 (I.R. 116 de 2003).

2. Leasaítear leis seo Rialacháin 2 (1) de na Príomhrialacháin -

(a) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "Iarscríbhinn I":

"Ciallaíonn Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn I le Treoir 67/548/CEE[21] ón gComhairle mar a leasaíodh é ar deireadh ag Treoir 2004/73/EC[60] ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2004, agus forléireofar aon tagairt do "Uimhir CEE" san Iarscríbhinn luaite mar thagairt do "Uimhir CE" agus mar áis thagartha tá an Brollach ar Iarscríbhinn I leagtha amach i Sceideal 1;

[21] I.O. 196, 16.8.1967, lch. 1

[79] I.O. Lch. 152, 30.4.2004, mar a cheartaigh Corrigendum ar Threoir 2004/73/CE an 29 Aibreán 2004 ón gCoimisiún, I.O. Lch.216, 16.6.2004, Lch. 3 agus Corrigendum ar Corrigendum ar Threoir 2004/73/CE an 29 Aibreán 2004, I.O. Lch 236, 7.7.2004, Lch. 18",

(b) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "Iarscríbhinn V":

"Ciallaíonn Iarscríbhinn V, Iarscríbhinn V le Treoir 67/548/CEE ón gComhairle mar a leasaíodh é ar deireadh ag Treoir 2004/73/CE an 29 Aibreán 2004 ón gCoimisiún;" agus,

(a) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "fhógra a thabhairt":

" ciallaíonn "fógra a thabhairt" na doiciméid, agus an fhaisnéis ba ghá a fháil a chur faoi bhráid údaráis inniúil Bhall Stáit –

(a) do shubstaintí a mhonarófar laistigh den Chomhphobal, ag deantóir a chuirfidh substaint leis féin nó in ullmhóid ar an margadh ;

(b) do shubstaintí a mhonarófar lasmuigh den Chomhphobal, ag aon duine bunaithe sa Chomhphobal a bheidh freagrach as substaint ann féin nó in ullmhóid a chur ar mhargadh na gComhphobal, nó in ionad sin ag an duine bunaithe laistigh den Chomhphobal a bheidh ina ionadaí nó ina hionadaí aonair ainmnithe ag an déantóir chun críche fógra a thabhairt maidir le substaint áirithe a chuirfear ar mhargadh na gComhphobal ann féin nó in ullmhóid;".

3. Leasaítear Sceideal 1 leis na Príomhrialacháin tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar Nóta K:

"Nóta K:

Ní gá go mbeadh feidhm leis an aicmiú mar charcanaigin nó mar shó-ghín más féidir a léiriú go bhfuil níos lú ná 0.1% w/w 1.3-bútaidéin sa substaint (Einecs Uimh. 203-450-8). Mura bhfuil an substaint aicmithe ina carcanaigin nó ina só-ghin, ba chóir go mbeadh feidhm leis na S-frásaí (2)-9-16. "Tá feidhm leis an nóta seo i ndáil le substaintí coimpléascacha ola –díorthaithe áirithe in Iarscríbhinn I amháin".

ARNA TABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil
25 Eanáir 2006

Micheál Ó Máirtín
An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

NÓTA MÍNITHE

(Ní cuid den Ionstraim é an nóta seo agus ní airbheartaíonn sé aon fhorléiriú dlíthiúil a dhéanamh.)

Tagann na Rialacháin seo in ionad Treoir 2004/73/CE an 29 Aibreán 2004 ón gComhairle an 29ú Glacadh i nDáil le Dul Chun Cinn Teicniúil Treoir 67/548/CEE um aicmiú, pacáistiú agus lipéadú substaintí contúirteacha. Leasaíonn siad Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú, Lipéadú agus Substaintí Contúirteacha a Fhógairt) 2003 (I.R.Uimh. 116 de 2003).

Tá sé d'aidhm ag na Rialacháin na daoine agus an comhshaol a chosaint ó éifeachtaí díobhálacha substaintí nua contúirteacha agus ó shubstaintí contúirteacha atá ann faoi láthair. Tá na Rialacháin i bhfeidhm maidir le gach uile shubstaint a chuirfear ar an margadh ann féin nó in ullmhóid, le heisceachtaí do chatagóirí áirithe ar nós substaintí leigheasacha, substaintí maisitheacha, lotnaidicíd, substaintí dramhaíola srl, earraí eile atá faoi réim Treoracha eile.

Eilíonn na Rialacháin ar gach déantóir, allmhaireoir nó duine eile a bhfuil beartaithe aige nó aici aon cheimiceán nua a chur ar an margadh den chéad uair, comhad fógartha a chur faoi bhráid údaráis inniúil le sonraí ann faoi na himscrúdaithe a rinneadh ar an substaint agus aon aicmiú agus aon lipéadú molta.

Eilíonn siad ar soláthraithe chomh maith leis sin lipéid fainice a chuir ar shoithí do shubstainí contúirteacha agus deimhin a dhéanamh de go ndearfar, go dtógfar agus go ndaingeanófar na soithí go cuí d'fhonn doirteadh amach nó púscadh sa ghnathúsáid a chosc. Caithfear bileoga um fhaisnéis shábháilteachta a sholáthar do shubstaintí faoi réir na Rialachán.

Glacann Treoir 2004/73/CE ón gCoimisiún le dul chun cinn teicniúil don 29ú uair Iarscríbhinní 1 agus V de Threoir 67/548/CEE.

Cuireann an treoir roinnt substaintí contúirteacha breise le hIarscríbhinn1, an liosta substaintí atá aicmithe agus lipéadaithe contúirteach sa Chomhphobal Eorpach, leasaíonn sé an aicme agus an lipéad ar roinnt substaintí contúirteacha atá in Iarscríbhinn I, agus scriosann sé roinnt iontrálacha eile san Iarscríbhinn. Sa bhreis ar sin, tá cupla iontráil scartha toisc nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag an aicmiú ar na substaintí ar fad faoi na hiontrálacha sin.

Tá an Brollach le hIarscríbhinn I (mar atá leagtha amach i sceideal 1 leis na Príomhrialacháin) tugtha chun dáta d'fhonn téacs Nóta K a leasú. Tá tionchar aige seo ar rangú agus lipéadú substaintí le 1.3 bútaidéin, toisc gur aicmíodh an substaint mar sóghín sa Treoir.

Tá modhanna tastála breise tocsaineolaíochta agus éicea-toscaineolaíochta ionchorpraithe in Iarscríbhinn V.

Tá an míniú ar "fhógra a thabhairt" leathanaithe le cur in iúl gur cheart don fhógróir a bheith bunaithe laistigh den Chomhphobal Eorpach de réir an mhínithe sa Treoir.

Ba chóir go bhforléireofar tagairtí don Acht um Shabháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989 i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú, Lipéadú agus Substaintí Contúirteacha a Fhógairt) 2003 mar thagairtí don Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (Uimh.10 de 2005).